RIALACHÁIN FAOINA DTUGTAR AITHEANTAS DO CHÚRSAÍ GAEILGE FAOI SCÉIM NA BHFOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE 2019 (LEASAITHE)

i gcomhar le

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Roinn Oideachais
Department of Education

Clár

Réamhrá 4
An Ghaeilge 5
An Ghaeilge mar theanga an Choláiste 6
An Ghaeilge mar theanga an tí 6
Iarratas ar Aitheantas 6
Cosaint Leanaí 7
Cosaint Sonraí 7
Aicmí na gCúrsaí 8
Critéir bainteach le hAicmí na gCúrsaí 8
Aicme A 8
Aicme B 9
Aicme C 10
Aicme D 10
Tinreamh 10
Taifead ar thinreamh 11
Bainistiú na gColáistí 11
Coiste Stiúrtha na gColáistí Gaeilge 11
Árachas Dliteanais Phoiblí 12
Sláinte agus Sábháilteacht 12
Polasaí Frithbhulaíochta agus Iompar Neamhshóisialta 13
Cód Iompair 13
Nósanna Imeachta maidir le hAchomharc 15
Treoirlínte Cóiríochta 15
An Chóiríocht i seomraí ranga na gColáistí 15
Leithris agus saoráidí sláinte 16
Eagrú na gCúrsaí 17
Seisiúin na gCúrsaí 17
Imeachtaí iarnóna agus oíche 17
An Príomhoide 18
Róil agus Freagrachtaí an Phríomhoide 18
Na Critéir maidir le Fostú Príomhoide 18
Dualgais an Phríomhoide 19
Oidí 19

Cáilíochtaí na nOidí 19
Iarratais ar Shaoire Bhreise Phearsanta d'oidí 20
Ardchinnirí 20
Cáilíochtaí na nArdchinnirí 20
Dualgais na nArdchinnirí 21
Cúntóirí Áitiúla 21
An Teagasc agus an Fhoghlaim 21
Cigireachtaí ar Chúrsaí Choláistí Gaeilge 21
Cruthú Rang-Ghrúpaí 21
Plean an Phríomhoide 22
Clár Foghlama Teanga 22
Pleanáil Oidí Aonair 22
Taifead ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim 22
Pleanáil don Fheabhsúchán agus Dearbhú Cáilíochta 23
Caipéisíocht riachtanach 23
Éileamh ar Íocaíochtaí 24
Dúnadh de dheasca cúise do-sheachanta 24
Feidhm an Aire 24
Aguisín A Cuntas ar Ranganna 25
Aguisín B Meamram ar an ábhar imní 26

Réamhrá

Tá Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ar an scéim is fadbhunaithe atá á riar ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM feasta). Aithníonn an RTCEGSM an tairbhe a bhaineann le tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht do dhaoine óga mar chuid dá n-aistear foghlama teanga. Aithnítear go forleathan an tairbhe a bhaineann foghlaimeoirí teanga as tréimhse a chaitheamh i suíomh ina bhfuil siad tumtha sa sprioctheanga. I gcás na gColáistí Gaeilge agus fhoghlaim na Gaeilge, forbraítear agus treisítear an teanga atá sealbhaithe cheana féin acu san earnáil scolaíochta.

Is ar mhaithe leis an gcéad ghlúin eile de chainteoirí Gaeilge a chumasú sa teanga agus blaiseadh a thabhairt dóibh de shaíocht chultúrtha na Gaeltachta a chuireann RTCEGSM maoiniú áirithe ar fáil d'earnáil na Coláistí Gaeilge trí Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.

Tá c. 50 Coláiste Gaeilge ag feidhmiú san earnáil fud fad na Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, agus iad ag freastal ar suas le 26,000 duine óg go bliantúil (idir scoláirí iarbhunscoile agus mhic léinn tríú leibhéil) a fhanann ar iostas, den chuid is mó, le breis agus 500 teaghlach Gaeltachta.

Tá tionchar suntasach ag earnáil na gColáistí Samhraidh Gaeilge ar an iliomad réimsí teanga agus pobal; tá tionchar láidir ag tacaíocht dhíreach ón Rialtas don earnáil chuig teaghlaigh Gaeltachta a théann chun leasa na dteaghlach sin. Ina theannta sin, le linn na gcúrsaí a bhíonn á reáchtáil ag na coláistí Gaeilge, tagann líon suntasach cuairteoirí chun na Gaeltachta. Baineann miondíoltóirí, an earnáil fáilteachais, soláthraithe iompair agus go leor gnólachtaí eile leas as na Coláistí Samhraidh Gaeilge ina gceantair agus chomh maith leis sin, is deis í seo do na cuairteoirí taithí a fháil ar shaol laethúil na Gaeltachta a chuireann lena dtuiscint ar na réigiúin agus ar an teanga.

Luíonn príomhfhreagracht na gColáistí Gaeilge de réir mar a bhaineann sé lena mbainistiú leis na Coláistí iad féin.

Tá ról lárnach, áfach, ag an RTCEGSM maidir le tacaíocht a chur ar fáil don earnáil trí chéile agus géilliúlacht don reachtaíocht ábhartha a chothú. Chuige seo tá critéir áirithe leagtha síos nach mór do choláistí a chomhlíonadh chun aitheantas a fháil ó RTCEGSM do na cúrsaí Gaeilge a sholáthraíonn siad faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. Is chuige sin na Rialacháin seo.

Is í an RTCEGSM a dhéanann riaradh agus maoiniú ar Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. Mar chuid den Scéim, cuirtear maoiniú ar fáil i bhfoirm deontais chaipitíochta a íoctar le teaghlaigh Ghaeltachta incháilithe a chuireann cóiríocht chuí ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus iad ag freastal ar chúrsaí aitheanta na gColáistí Gaeilge.

Ar iarratas ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, tugann Cigireacht na Roinne Oideachais faoi chlár cigireachta i sampla de na cúrsaí de chuid Aicme C a reáchtáiltear sna Coláistí Gaeilge le cáilíocht an tsoláthair sna cúrsaí Gaeilge sna Coláistí a dhearbhú agus comhairle a chur ar RTCEGSM dá réir. Tugtar léargas ar na gníomhaíochtaí meastóireachta agus tuairisceoireachta seo Treoir maidir le Cigireachtaí ar chúrsaí i gColáistí Gaeilge atá ar fáil ar shuíomh na RO anseo.

Tacaíonn an Roinn Oideachais (RO feasta) leis an RTCEGSM le cur i bhfeidhm Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge trí sheirbhísí um dhearbhú cáilíochta a chur ar fáil mar a bhaineann le gnóthaí teagaisc agus foghlama na gcoláistí. Is í Cigireacht na RO a ghlacann an ról tacúil seo.

Déanann an RO an chigireacht ar chúrsaí Gaeilge ar mhaithe leis an gcáilíocht oideachais a chuirtear ar fáil do na scoláirí a dhearbhú agus freisin chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí, na príomhoidí agus do choistí bainistíochta na gcoláistí. Cuireann an RO tuairiscí cigireachta i dtoll a chéile mar chuid den phróiseas meastóireachta sin. Bunaítear na tuairiscí cigireachta seo ar bhreathnóireacht an chigire ar an teagasc, an fhoghlaim, imeachtaí cultúrtha, chomh leis an idirghníomhú le scoláirí agus leis an mbainistíocht. Bunaítear an tuairisc freisin ar an iniúchadh a dhéantar ar cháipéisíocht ábhartha. I ndeireadh gach cigireachta, tugann an cigire aiseolas ó bhéal do na múinteoirí agus do phríomhoide an chúrsa maidir le cáilíocht an tsoláthair oideachais sa suíomh.

Is é an cuspóir foriomlán atá ag an dá Roinn sa chúram seo ná géilliúlacht maidir leis na dualgais ábhartha reachtúla a thiteann ar lucht stiúrtha na gcoláistí Gaeilge a chothú, chomh maith le dea-chleachtais i ngach réimse eile ábhartha a chur chun cinn oiread is féidir san earnáil, lena n-áirítear gnóthaí teagaisc agus foghlama le linn na gcúrsaí Gaeilge sna coláistí.

Cuimsíonn na dualgais reachtúla an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015
- An tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981
- An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1998

Is faoi réir na rialachán agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa cháipéis seo dar teideal Rialacháin faoina dtugtar aitheantas do chúrsaí Gaeilge faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge 2019 (leasaithe) (na Rialacháin feasta) a fheidhmíonn an dá Roinn mar a bhaineann sé leis an gcóras.

Is acmhainn thábhachtach na Rialacháin do gheallsealbhóirí na hearnála uile ina rianaítear coinníollacha Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge agus na critéir nach mór a chomhlíonadh d'fhonn aitheantas a bhaint amach mar chúrsa Gaeilge faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.

An Ghaeilge

Sprioc thábhachtach de chuid na RTCEGSM is ea tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge, úsáid na teanga mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta a neartú agus cuidiú le forbairt inbhuanaithe phobail na n-oileán.

Is í an Ghaeilge teanga earnáil na gColáistí. Mar atá luaite, áirítear mar phríomhchuspóir na Scéime deiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí na teanga a n-inniúlacht sa teanga a

threisiú agus muinín agus cumas sa teanga a chothú iontu. Chuige sin, ní mór coinníolllacha áirithe maidir le húsáid na teanga a shásamh.

An Ghaeilge mar theanga an Choláiste

Ba chóir don Phríomhoide agus don fhoireann teagaisc deimhin a dhéanamh de gurb í an Ghaeilge teanga chaidrimh an chúrsa, agus seifteanna a cheapadh a chinnteoidh go mbíonn an Ghaeilge á húsáid i gcónaí ag na scoláirí/mic léinn le linn an chúrsa, sa seomra ranga, taobh amuigh de agus sna tithe lóistín. Ba chóir d'údaráis an choláiste a chinntiú go ndéantar gnó an choláiste ar fad trí Ghaeilge chomh fada agus is féidir i.e. i gcomhfhreagras, ar cháipéisí, foirmeacha iarratais, fógraí, fiosrúcháin ó bhéal chomh maith lena chinntiú go dtugtar tús áite don Ghaeilge ar shuíomhanna gréasáin, más ann dóibh.

An Ghaeilge mar theanga an tí

Ba chóir d'údaráis an Choláiste iad féin a shásamh go mbíonn an Ghaeilge in úsáid i gcónaí mar theanga teaghlaigh sna tithe lóistín a earcaíonn an Coláiste do na scoláirí/mic léinn sa Ghaeltacht.

Iarratas ar Aitheantas

Ní mór do gach Coláiste Gaeilge ar mian leo aitheantas a bhaint amach faoi Scéim do bhFoghlaimeoirí Gaeilge ar chúrsa Gaeilge dá gcuid, iarratas a dhéanamh leis an RTCEGSM gach bliain.

Cuimsíonn an t-iarratas seo eolas maidir leis an gcoláiste féin, an cúrsa Gaeilge agus critéir nach mór do gach coláiste a chomhlíonadh ar mhaithe leis an aitheantas seo a bhaint amach.

Is gá cóip leictreonach i bhfoirm PDF de gach foirm iarratais a sheoladh chuig colaistigaeilge@chg.gov.ie roimh spriocdháta aimnithe. Don bhliain 2024, ní mór iarratais ar aitheantas a chur faoi bhráid na RTCEGSM roimh an 1 Márta 2024.

Agus iarratas á dhéanamh ar aitheantas cúrsaí, iarrtar ar gach Coláiste a dhearbhú go gcloítear leis na rialacháin de mar a bhaineann sé le:

- Ráiteas um Chosaint Leanaí
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta
- Cód Iompair agus Na Nósanna Imeachta maidir le hAchomharc
- Polasaí Frithbhulaíochta agus Frithshóisialta
- Cóiríocht an Choláiste / an Ionaid
- Árachas Dliteanis Phoiblí
- Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin

Ní mór do gach Coláiste Gaeilge na dearbhuithe thuasluaite a thabhairt mar chuid dá n-iarratas ar aitheantas. Tá cóip den fhoirm dearbhaithe ar láithrean gréasáin na RTCEGSM.

Más gá aon athrú a dhéanamh ar na sonraí foirne atá tugtha sna foirmeacha seo roimh dháta tosaithe an chúrsa, ní mór foirm faoi leith a líonadh (féach láithrean gréasáin na

RTCEGSM) agus a sheoladh isteach chun RTCEGSM a luaithe agus is féidir roimh thús an chúrsa.

Cosaint Leanaí

Tá céimeanna glactha ag an RTCEGSM agus ag an RO, le feidhm ó shamhradh 2019, chun géilliúlacht in earnáil na gColáistí Gaeilge mar a bhaineann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, a chothú agus ní mór do gach Coláiste Gaeilge a léiriú go bhfuiltear ag sásamh na gcoinníollacha bainteach leis an reachtaíocht sin.

Ní mór d'údaráis an choláiste a dhearbhú:

- go bhfuil Ráiteas um Chosaint Leanaí ag an gColáiste atá i gcomhréir le forálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. Moltar d'údaráis an choláiste dul i gcomhair leis na heagrais chuí agus an Ráiteas Cosaint Leanaí á chur i dtoll a chéile, agus freisin tráth go mbíonn athbhreithniú ar bun ar an Ráiteas lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le forálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015
- go ndéanfar athbhreithniú air seo gach bliain, nó nuair a thagann athrú ábhartha i gceist
- go bhfuil an Ráiteas um Chosaint Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach ar láthair an Choláiste
- go bhfuil teacht ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí ar láithreán greásáin an Choláiste
- go bhfuil cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí ag gach ball foirne
- go gcuirtear an Ráiteas um Chosaint Leanaí ar fáil do thuismitheoirí, daoine óga, an pobal i gcoitinne agus do Tusla, ach iarratas a dhéanamh, agus go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm chun é seo a éascú
- go bhfuil údaráis an choláiste eolach ar a gcúraimí maidir le pearsanra an choláiste a ghrinnfhiosrú agus go gcomhlíontar na cúraimí sin go sásúil
- go gcomhlíonann údaráis an choláiste a gcuid freagrachtaí maidir le grinnfhiosrúchan na nGardaí i gcás phearsanra uile an choláiste, .i.e go bhfuil sé mar pholasaíag an RTCEGSM go gcaithfidh éinne os cionn sé bliana déag d'aois (16) atá ag obair in earnáil na gcoláistí Gaeilge grinnfhiosrúchán bailí* Garda a bheith acu agus go gcaithfidh grinnfhiosriúchán a bheith athdhéanta d'éinne atá ag obair in earnáil na gcoláistí Gaeilge gach trí bliana agus go gcomhlíontar na dualgais sin go sásúil
- go ndearbhaíonn gach teaghlach atá aitheanta faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge go leis an gcoláiste go gcomhlíonfaidh siad riachtanais an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá ullmhaithe agus curtha in áit ag údarás an choláiste
- go bhfuil údaráis an choláiste agus teaghlaigh atá aitheanta faoin Scéim (iarratasóirí ar aitheantas san áireamh) eolach gurb iad Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS feasta) atá freagrach as tabhairt faoi ghrinnfhiosriúcháin don earnáil agus gur cheart teagmháil díreach a dhéanamh le CONCOS chun grinnfhiosriúchán a dhéanamh.

Cosaint Sonraí

Cuireann na rialacháin ghinearálta um chosaint sonraí (GDPR) oibleagáidí próiseála sonraí go díreach ar ghnólachtaí agus eagraíochtaí. De réir GDPR, ní féidir le heagraíocht sonraí pearsanta a phróiseáil ach faoi choinníollacha áirithe, go mbeadh an phróiseáil cothrom

agus trédhearcach, chun críche sonraithe agus dlisteanach nó teoranta do na sonraí is gá chun an cuspóir seo a chomhlíonadh, cuir i gcás.

Cuireann an RTCEGSM sonraí atá sna hiarratais ó choláistí Gaeilge ar fáil do Chigireacht na RO, de reir an chomhaontaithe úsaideora sonraí idir an dá Roinn sin, ionas gur féidir leis an gCigireacht a ról maidir le dearbhú cáilíochta ar an soláthar oideachasúil ar chúrsaí na gColáistí Gaeilge a chomhlíonadh.

Nuair a bhíonn na sonraí a chuireann an RTCEGSM ar fáil don Chigireacht á n-úsáid, cloífidh Cigireacht na RO i gcónaí le hAlt 53 den Acht Oideachais, 1998 agus le riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí, 1998. Nuair a bhíonn na sonraí a chuireann an Chigireacht ar fáil don RTCEGSM á n-úsáid, cloífidh an RTCEGSM i gcónaí, le riachtanais an Achta um Chosaint Sonraí, 1998.

Mar chuid de na cigireachtaí ar chúrsaí atá á soláthar ag coláistí Gaeilge, déanfaidh an Chigireacht cáilíocht ar ghnéithe den soláthar oideachais, sna cúrsaí a ndéanfar meastóireacht orthu gach bliain, a thaifeadadh.

Bainfear úsáid as na sonraí sin mar bhunús don tuairisc a éiríonn as an meastóireacht a dhéanfar ar gach cúrsa agus mar bhunús don tuairisciú ar cháilíocht an tsoláthair sna coláistí seo i gcoitinne. Beidh fáil go poiblí ar na tuairiscí a eascraíonn ó mheastóireachtaí na Cigireachta ar shuíomh gréasáin na RO.

Aicmí na gCúrsaí

Déantar idirdhealú idir cúrsaí Gaeilge de chuid Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge agus na spriocghrúpaí a bhfuil na cúrsa sin dírithe orthu de réir Aicmí agus cuimsítear ceithre Aicme cúrsa, is iad sin Aicmí A, B, C agus D. Tugtar cur síos ar na hAicmí sin thíos.

Critéir bainteach le hAicmí na gCúrsaí

Maidir leis na hAicmí, ní cheadaítear do scoláirí Aicme B freastal ar ranganna Aicme A; ní cheadaítear do scoláirí Aicme C freastal ar ranganna Aicme A nó Aicme B; ní cheadaítear do mhic léinn Aicme A freastal ar ranganna Aicme B, C, nó D.

Ní thabharfar aitheantas do chúrsa múna mbíonn ar a laghad dáréag scoláire/mac léinn ar na rollaí tinrimh, seachas i gcás chúrsaí Aicme A.

I gcás chúrsaí Aicme B, C agus D, níor chóir scoláirí a ghlacadh ar aon chúrsa ach amháin scoláirí a bhfuil oiread Gaeilge acu is a chuirfidh ar a gcumas tairbhe shásúil a bhaint as an gcúrsa. Déanann Scéim na bhFoghlaimeoirí freastal ar fhoghlaimeoirí na teanga agus ní ar dhaoine a bhfuil líofacht cheana fhéin sa teanga acu.

Tugtar cur síos thíos ar an idirdhealú a dhéantar idir Aicme A, B, C agus D.

Aicme A

Déanann Aicme A freastal ar lucht léinn na nInstitiúidí Ardoideachais, Oidí Bunscoile *(Ceim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí – cuid 1.1.5 Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht)*,

oidí a fuair a gcuid oiliúna thar lear, agus daoine atá inaitheanta mar Oidí Bunscoile. Baineann Aicme A freisin leis na Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht (TFG feasta) a eagraítear do mhúinteoirí bunscoile faoi oiliúint, múinteoirí bunscoile atá ag críochnú na trialach inniúlachta An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG feasta) nó tréimhse maidir le hOiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG feasta), chun a gcoinníollacha clárúcháin i leith na Comhairle Múinteoireachta a chomhlíonadh ó thaobh na Gaeilge de.

Tá tuilleadh eolais ar na coinníollacha seo le fáil anseo.

Ní foláir do mhic léinn réamhsheirbhíse bunleibhéil in Institiúidí Ardoideachais freastal ar dhá chúrsa coicíse sa Ghaeltacht, tréimhse cheithre seachtaine san iomlán. Is cuid éigeantach den chúrsa réamhsheirbhíse oiliúna don mhúinteoireacht an TFG.

Tá sé riachtanach go mbeadh na mic léinn i láthair do thréimhse iomlán na gcúrsaí .i. dhá bhloc de 14 lá agus 13 oíche. Is é sin 28 lá agus 26 oíche ar an iomlán. Ní foláir a dheimhniú, dá bhrí sin, go gcaithfidh gach mac léinn múinteoireachta an tréimhse cheithre seachtaine ina hiomláine sa Ghaeltacht, na tréimhsí deireadh seachtaine san áireamh agus iad ag fanacht i lóistín atá aitheanta ag an RTCEGSM, agus ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid i gcónaí mar theanga teaghlaigh.

Sa chás nach n-éiríonn le mac léinn ar bith na rialacha freastail a chomhlíonadh, ní mór dóibh filleadh ar an nGaeltacht ar feadh tréimhse eile, chun coinníollacha na hoiliúna mar mhúinteoir bunscoile a chomhlíonadh.

I gcás Aicme A d'ábhar oidí, is é an t-íoslíon uaireanta an chloig ná 35 sa tseachtain, le 20 uair an chloig tugtha do ranganna teanga foirmiúla.

Is é 25 an líon scoláire/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme A.

I gcás Aicme A, is gá 35 huaire an chloig sa tseachtain de ghníomhaíochtaí foghlama a chur ar siúl. Ba chóir go gcaithfí ar a laghad 20 uair an chloig díobh seo ar theagasc teanga go foirmiúil. Ba chóir na ranganna foirmiúla a chur ar siúl ar maidin agus, nuair a bheidh siad á ndearadh agus á gcur i láthair, ba chóir aird a thabhairt ar na treoirlínte *(Ceim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí – cuid 1.1.5 Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht)* a bheidh á soláthar ó am go chéile ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle le soláthróirí na gclár oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Ina theannta seo is ceart úsáid a bhaint as an siollabas agus as na cláir teanga mar atá deartha agus comhaontaithe ag na hInstitiúidí Ardoideachais sna cúrsaí seo.

Aicme B

Dírítear in Aicme B ar dhaoine óga atá 18 mbliana d'aois ar a laghad. Bheifí ag súil go n-oirfeadh cúrsaí de chuid na haicme seo foghlaimeoirí éagsúla, mar atá státseirbhísigh, lucht léinn ollscoile, aos gairme (dochtúirí, dlíodóirí, ailtirí agus araile), comhaltaí de na Fórsaí Cosanta, comhaltaí den Gharda Síochána agus daoine eile mar iad.

I gcás Aicme B, is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus níor chóir níos mó ná uair an chloig a thabhairt do cheacht ná do léacht ar bith sa teagasc foirmiúil maidine.

Rang teagaisc foirmiúil atá sa seisiún agus ní mór íoslíon na seisiún a bhaint amach. Ba chóir seisiún amháin a reachtáil ar maidin, seisiún san iarnóin agus seisiún um thráthnóna.

Aicme C

Is ar dhaoine óga atá idir 10 agus 19 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa sna Coláistí atá na cúrsaí seo dírithe. Déantar freastal ar fhoghlaimeoirí ag gach leibhéal cumais trí dhifreáil a dhéanamh ar chlár foghlama teanga an Choláiste Gaeilge.

I gcás Aicme Aicme C, is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus níor chóir níos mó ná uair an chloig a thabhairt do cheacht ar bith sa teagasc foirmiúil maidine. Is gá 1.5 uair ar a laghad a chaitheamh ar imeachtaí iarnóna agus 1.5 uair ar a laghad a chaitheamh ar imeachtaí oíche eagraithe faoi stiúir na n-oidí. Ba cheart go gcuimseodh na himeachtaí réimsí spéise éagsúla agus go gcothóidís cumas cumarsáide na scoláirí/mac léinn. Sa chomhthéacs seo, ba cheart maolú a dhéanamh ar an obair scríofa.

Moltar, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dul thar an uaslíon de chúigear is fiche scoláire/mac léinn i rang ar bith. Is é tríocha an líon scoláire/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme C.

Aicme D

Féadfar aitheantas a thabhairt san Aicme seo ar ghearrchúrsaí a dhéanfaidh freastal ar oiliúint Ardchinnirí. Beidh na hArdchinnirí os cionn 18 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa, nó beidh siad os cionn 17 mbliana d'aois agus beidh scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin dáta céanna. Glacfar le cúrsa oiriúnach deireadh seachtaine. Is é líon na scoláirí/mac léinn a cheadófar ar aon chúrsa oiliúna amháin ná 40 scoláire/mac léinn ar a mhéid. I gcás choláistí inár fhreastail 1000 scoláire/mac léinn nó níos mó ná sin ar na cúrsaí samhraidh an bhliain roimhe sin, beidh an Roinn sásta an t-uaslíon a mhéadú de réir duine in aghaidh gach 25 de rollachán os cionn an 1000.

I gcás Aicme D amháin, ní mór íoslíon de 7 seisiún a chur ar fáil. Is ceadmhach cúrsa a eagrú thar cheithre nó chúig lá nó, agus i gcásanna áirithe, thar dheireadh seachtaine más gá.

I gcás Aicme D, is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus níor chóir níos mó ná uair an chloig a thabhairt do cheacht sa teagasc foirmiúil maidine.

Tinreamh

Ní mór do gach coláiste cuntas cruinn ar thinreamh a chur ar fáil i bhfoirm rolla ar mhaithe le taifead a choinneáil ar líon na scoláirí atá ag freastal ar choláistí samhraidh Gaeltachta. Baintear leas as na rollaí seo lena chinntiú go bhfuil cuntas á choinneáil ar láithreacht agus asláithreacht na scoláirí ar mhaithe lena sláinte agus sábháilteacht agus ár ndóigh lena rannpháirtíocht i gcoitinne.

Ní mór do gach Coláiste atá ag déanamh iarratais ar aitheantas ar chúrsa Gaeilge dá gcuid a dhearbhú go gcuirfidh siad rollaí cruinn agus iomlán ar fáil don RTCEGSM in am agus is dtráth.

Ní bheidh ar chumas na RTCEGSM íocaíocht ar bith a phróiseáil go dtí go gcuirtear rollaí ar fáil in am agus i dtráth. Ní mór do na rollaí a bheith cruinn agus sínithe ag ionadaí cuí an Choláiste. Mura gcláraítear tinrimh de réir na dtreoracha a thugtar ar an rolla, ní áireofar na tinrimh sin mar thinrimh bailí.

Sa chás nach gcuirtear an cháipéisíocht ar fáil ina hiomláine ná in am, d'fhéadfadh go mbeadh moill ar phróiseáil íocaíochtaí do pháirtithe leasmhara.

Taifead ar thinreamh

Ní mór do gach Coláiste, agus taifead á choinneáil acu ar thinreamh na scoláirí, leas a bhaint as rollaí na RTCEGSM. Tá teimpléad de na rollaí seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. Ní ghlacfar le haon chineál eile rolla. Ní mór do gach coláiste cloí leis na critéir seo a leanas:

- Ní mór go mbeadh ollrolla coláiste de réir oird agus aibítre ag údaráis an choláiste.
- Ní foláir na scoláirí/mic léinn a bheith cláraithe ar Rolla na RTCEGSM, de réir na ranganna ina bhfuil siad lonnaithe nó de réir an institiúid ardoideachais ina bhfuil siad cláraithe.
- Ní mór an tinreamh ar gach seisiún a mharcáil go cruinn de réir na dtreoracha a leagtar amach sa rolla
- Is ceart asláithreacht a mharcáil go tráthúil ag baint feidhme chuige sin as an gcód a mhínítear sa rolla.
- Ní foláir a chinntiú go bhfuil an líon mac léinn i láthair in aon rang ag teacht leis an líon mac léinn atá cláraithe ar na rollaí. Ní mór na hiomláin agus na fo-iomláin a lorgaítear i ngach leabhar rollaí a áireamh agus a bhreacadh isteach ag deireadh an chúrsa.
- Ní mór do gach Coláiste rolla ar leith a úsáid i gcás Ardchinnirí agus a dtinreamh a mharcáil go tráthúil.
- I gcás Choláistí Aicme A d'ábhar oidí, ba chóir don bhainistíocht cóipeanna crua (agus cóipeanna leictreonacha más féidir) de na rollaí a chur ar aghaidh ag deireadh gach cúrsa chuig na hInstitiúidí Ardoideachais cuí le tinreamh na mac léinn a dheimhniú.

Meabhraítear gur ar na coláistí féin amháin atá an fhreagracht bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chúrsaí GDPR agus maidir leis na cáipéisí seo.

Bainistiú na gColáistí

Luíonn príomhfhreagracht na gColáistí Gaeilge de réir mar a bhaineann sé lena mbainistiú leis na Coláistí iad féin, agus tugtar léargas anseo ar na coinníollacha nach mór do gach Coláiste a shásamh agus aitheantas á lorg acu dá gcúrsaí.

Coiste Stiúrtha na gColáistí Gaeilge

Ní mór Coiste Stiúrtha ar a mbeidh triúr ball ar a laghad a bhunú i ngach Coláiste Gaeilge. Ní mór do gach Coláiste atá ag déanamh iarratais ar aitheantas ar chúrsa Gaeilge dá gcuid a

dhearbhú go bhfuil Coiste Stiúrtha ag an gcoláiste ar a bhfuil ar a laghad triúr ball agus ainmneacha na mball sin mar aon lena ndindiúirí teagmhála a liostáil.

I measc dhualgais an choiste, de réir mar a bhaineann siad leis na Rialacháin seo tá:

- na cúrsaí a eagrú agus a riar
- maoirseacht a dhéanamh ar na cúrsaí
- na hoidí agus na hardchinnirí a fhostú agus cáilíochtaí cuí na bhfostaithe sin a dhearbhú
- teaghlaigh sa Ghaeltacht atá aitheanta ag RTCEGSM a earcú le cóiríocht chuí a chur ar fáil do na scoláirí/mic léinn.
- duine de na hoidí cáilithe a ainmniú mar phríomhoide ar gach cúrsa
- a chinntiú nach ndéanfar aon sárú ar na dualgais atá ar an gcoláiste chomh fada is a bhaineann siad le comhionannas a chuimsíonn inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, gnéaschlaonadh, ná creideamh gan chúis chóir, chothrom agus cheart
- Ar mhaithe le dea-rialachas agus bainistíocht moltar ar a laghad dhá chruinniú in aghaidh na bliana a bheith ag gach Coiste Stiúrtha.

Árachas Dliteanais Phoiblí

Ní foláir go mbeidh árachas dliteanais phoiblí i bhfeidhm i gcás gach Coláiste Gaeilge, chun éilimh ábhartha a sheasamh i leith na n-ionad go léir ina ndéanann na Coláistí a chúrsaí a reáchtáil.

Beidh clásail sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar go ndéanfaidh an coláiste, a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus An Roinn Oideachais a seirbhísigh agus a gníomhairí a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh an uile ghnímh, chostais, éilimh agus dhamáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeachtaí teagmhasacha a bhainfidh le cúrsa a eagróidh an coláiste, a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh.

Ní mór do gach Coláiste atá ag déanamh iarratais ar aitheantas ar chúrsa Gaeilge dá gcuid a dhearbhú go gcuirfear cóip den pholasaí árachais sin ar fáil gan mhoill don RTCEGSM agus don RO sa chás go n-iarrtar é.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ní mór do Choiste an choláiste deimhin a dhéanamh de go ndéantar cúram ar leith de shábháilteacht na scoláirí/mac léinn i rith an chúrsa ina iomláine, agus aird ar leith ar shábháilteacht ar na bóithre, sábháilteacht ar líne i gcás rochtain ar an idirlíon, mar aon leis an tsábháilteacht sna tithe lóistín, le linn imeachtaí, ar na láithreáin imeartha agus san fharraige nó sa linn snámha.

Ní mór Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta atá lonnaithe agus i láthair **an ionaid** le linn an chúrsa a ainmniú agus a chlárú i bplean an choláiste agus sonraí teagmhála an duine sin a bheith ar fáil don RTCEGSM agus don RO. D'fhéadfadh go mbeadh príomhoide an chúrsa ainmnithe mar Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta

Ní mór Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a bheith i scríbhinn agus cóip de a bheith ar fáil d'ionadaithe de chuid RTCEGSM agus na RO.

Polasaí Frithbhulaíochta agus Iompar Neamhshóisialta

Ní mór do Choiste Stiúrtha gach coláiste polasaí frithbhulaíochta a bheith i scríbhinn agus ar fáil don RO agus d'ionadaithe na RO nó na RTCEGSM sa chás go n-iarrtar sin. Déanfaidh cigirí na RO mar chuid den chigireacht ar an soláthar oideachasúil sna coláistí na seiceanna géilliúlachta seo a leanas chun a dheimhniú go bhfuil:

- polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an gcoláiste
- gach múinteoir ar thug an cigire cuairt orthu ar an eolas faoi pholasaí frithbhulaíochta an choláiste

Cód Iompair

Ní mór do Choiste Stiúrtha gach coláiste cód iompair scoláirí/mac léinn a chur ar fáil i bhfoirm scríofa agus sin a bheith uaslódáilte ar láithreán gréasáin an Choláiste. Ní mór do Choiste Stiúrtha an cód iompair a bheith ar fáil don RO agus don RTCEGSM.

Ba chóir go gcuirfí scoláirí/mic léinn agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí/a neasghaol nó an Institiúid Ardoideachais, de réir mar is cuí, ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos sa chód iompair.

Ní mór do Choiste Stiúrtha gach coláiste cód iompair scoláirí/mac léinn a chur ar fáil i bhfoirm scríofa. Ba chóir go gcuirfí scoláirí/mic léinn agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí/neasghaol nó an Institiúid Ardoideachais, de réir mar is cuí, ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos sa chód iompair agus é a bheith ar fáil le hiniúchadh sa choláiste. Más gá foghlaimeoir(í) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, sárú riail na Gaeilge nó ar chúis ar bith eile, ba cheart an cinneadh i ngach cás a chur in iúl le daonnacht agus le tuiscint don scoláire/mhac léinn agus dá t(h)uistí/c(h)aomhnóirí/neasghaol, nó don Institiúid Ardoideachais, de réir mar is cuí. Ba cheart nós imeachta soiléir a leagan síos sa chód iompair chuige seo, ionas go mbeadh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus go mbeadh deis cheart ag an scoláire/mac léinn a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfaí an cinneadh.

Más gá, de bharr cúinsí tromchúiseacha, foghlaimeoir(í) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, briseadh Riail na Gaeilge, nó ar chúis ar bith eile, ba cheart i ngach cás an cinneadh a dhéanamh le daonnacht agus le tuiscint don scoláire/mhac léinn agus dá t(h)uistí/ c(h)aomhnóirí/don Institiúid Ardoideachais.

Ar mhaithe le bunphrionsabail na hoscailteachta agus chothrom na féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc ina chuid den chód iompair agus é a bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta sin, déanfar gach iarracht dul i gcomhairle le tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais an scoláire/mhic léinn roimh ré agus tabharfar deis don scoláire/mhac léinn labhairt lena t(h)uiste/c(h)aomhnóir/Institiúid Ardoideachais sula ndéanfar cinneadh scoláire/mac léinn a dhíbirt ó choláiste Gaeilge.

Beidh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus beidh deis cheart ag an scoláire/mac léinn a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfar an cinneadh.

Tuigtear go bhuil sé tábhachtach i dtaca le héifeachtacht agus eagar na gColáistí gur ceadmhach scoláire/mac léinn a chur abhaile de bharr tarlóga tromchúiseacha áirithe. Níl sé i gceist bac a chur ar choiste stiúrtha scoláire a dhíbirt nuair is gá sin a dhéanamh. Níl sé i gceist ach an oiread moill gan ghá a chur ar an bpróiseas atá leagtha síos ag an gcoláiste maidir le scoláire/mac léinn a dhíbirt; ceaptar gur féidir an córas achomhairc uile mar atá sonraithe a chur i bhfeidhm taobh istigh de lá amháin.

Is iad seo a leanas na céimeanna atá le cur i bhfeidhm sa phróiseas:

- Beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste a bheith páirteach i ngach cinneadh maidir le scoláire/mac léinn a dhíbirt roimh dheireadh cúrsa;
- A chur in iúl don scoláire/mhac léinn go bhfuil sé curtha ina leith go bhfuil sárú déanta aige/aici ar na rialacha;
- An riail/na rialacha atá i gceist agus na himpleachtaí a ghabhann leis an sárú a chur in iúl don scoláire/mhac léinn;
- A chinntiú gur thuig an scoláire/mac léinn ábhar an ghearáin a bhí á dhéanamh;
- Deis a thabhairt don scoláire/mhac léinn labhairt leis an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais go príobháideach;
- Deis a thabhairt don scoláire/mhac léinn a t(h)aobh féin den scéal a insint agus a chur in iúl don scoláire/mhac léinn go bhfuil cead aige/aici labhairt i dteanga eile seachas Gaeilge más fearr leis/léi sin;
- An Coláiste le gach iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leis an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais agus an scéal a insint;
- Sa chás go dteastódh ón tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais a bheith i láthair nuair a bheadh an scéal á phlé leis an scoláire/mac léinn go bhfáilteofaí roimh a leithéid fad is nach gcuirfí moill mhíréasúnta ar an bpróiseas;
- An cinneadh a chur in iúl don scoláire/mhac léinn agus don tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais;
- Sa chás nach bhfuil an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais i láthair, socruithe oiriúnacha a dhéanamh chun an scoláire/mac léinn a thionlacan abhaile má tá díbirt i gceist;
- A chur in iúl don tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais na socruithe maidir leis an scoláire a chur abhaile;
- Gan scoláire/mac léinn a chur abhaile gan tionlacaí de chuid an Choláiste.

Aithnítear go mbeidh corrchás ann nuair a bheidh cúrsaí slándála agus sábháilteachta go mór i gceist mar chosaint don scoláire/mhac léinn féin agus na scoláirí/mic léinn eile agus nach mbeidh aon rogha ag an gColáiste ach an scoláire/mac léinn a dhíbirt gan dul tríd an bpróiseas thuasluaite go hiomlán. Bheifí ag súil leis nach dtarlódh sé seo ach i dtosca an-eisceachtúla ar fad.

I ngach cás ina gcuirtear scoláire/mac léinn abhaile de bharr sárú rialacha, iarrtar ar an gcoiste stiúrtha tuairisc a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach don RTCGESM. Ba chóir an tuairisc a sheoladh chuig colaistigaeilge@tcagsm.gov.ie **48 uair an chloig ar a mhéid** tar éis don scoláire / mac léinn an Coláiste a fhágáil.

Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas sa tuairisc:-

- Ainm an scoláire/mhic léinn;
- An Riail a sáraíodh agus cathain;
- An teagmháil a rinne an scoláire agus an Coláiste leis an tuiste/caomhnóir/Institiúid Ardoideachais;
- An dáta ar cuireadh an scoláire/mac léinn abhaile agus na socruithe a rinneadh ina leith;

Beifear ag súil le comhoibriú ó na Coláistí Gaeilge leis RTCGESM, leis na hInstitiúidí Ardoideachais, agus leis an RO i gcur i bhfeidhm na socruithe thuasluaite agus táthar ag súil leis go mbeidh dea-thoradh ar an saothar.

Nósanna Imeachta maidir le hAchomharc

Ar mhaithe le hoscailteacht agus cothrom na féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc mar chuid den chód iompair agus é a bheith i scríbhinn.

Treoirlínte Cóiríochta

Is é cuspóir na dTreoirlínte Cóiríochta cúnamh a thabhairt do na Coistí Stiúrtha, a bhfuil sé mar chúram orthu na cúrsaí a eagrú agus a riar, a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le cóiríocht chaighdeánach a bheith ar fáil do na scoláirí fad is a bheidh siad rannpháirteach in imeachtaí an Choláiste. Ba chóir go mbeadh na nithe seo san áireamh san íoschaighdeán atá molta do na háiseanna atá i gceist.

Caithfidh an Coiste Stiúrtha deimhin a dhéanamh de go bhfuil cóiríocht oiriúnach ar fáil do na scoláirí/mic léinn, mar shampla, seomraí ranga, leithris, áiseanna oiriúnacha teagaisc, cóiríocht oiriúnach do chéilithe agus araile, agus fós, deimhin a dhéanamh de go bhfuil cúram ceart á dhéanamh de chúrsaí sláinteachais agus glaineachta. Is ceart na ranganna uile a bheith in aon láithreán amháin, chomh fada agus is féidir.

Murar féidir na ranganna uile a bheith in aon láithreán amháin, ba chóir don Choiste Stiúrtha ranna a dhéanamh den Choláiste, oide a bheith freagrach faoin bPríomhoide i ngach roinn díobh agus an t-eolas a chur ar fáil go leictreonach don RTCEGSM mí ar a laghad roimh ré.

An Chóiríocht i seomraí ranga na gColáistí

Maidir le seomraí ranga na gColaistí, ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte na scoláirí agus na múinteoirí. I measc na gcoinníollacha nach mór a chomhlíonadh i gcás na seomraí ranga, tá:

- Moltar, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dul thar an uaslíon de chúigear is fiche scoláire/mac léinn i rang ar bith. Is é tríocha an líon scoláire/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme C.

- Beidh 0.85 méadar cearnach spáis, ar a laghad, ar fáil do gach scoláire sa seomra ranga.
- Nuair a bheidh seomra ranga á thomhais ní thomhaisfear ach an chuid sin ar féidir í a úsáid mar sheomra ranga. Más cruth “L” atá ar sheomra, mar shampla, tá an baol ann nach mbeidh scoláirí ábalta an múinteoir agus clár a fheiceáil ó phíosa den seomra sin. I gcásanna mar sin, fágfar an píosa sin den seomra as an tomhas.
- Ní áireofar aon chuid de sheomra nach bhfuil os cionn 1.5m ar airde sa tomhas (eg. má tá síleáil claonta sa seomra).
- Ní áireofar aon seomra atá níos lú ná 10 méadar cearnach mar sheomra ranga. Is féidir seomra atá níos lú ná 10 méadar cearnach a úsáid sa chás go mbeadh 5 scoláire nó níos lú sa seomra agus 0.85 méadar cearnach, ar a laghad, ar fáil do gach scoláire.
- Ba chóir go mbeadh na seomraí ranga ar fad compordach le dóthain spáis, teasa agus solais nádúrtha.
- Ba chóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas teasa feistithe agus ag feidhmiú sa chás go mbíonn an aimsir fuar nó fliuch.
- Ba chóir go mbeadh gach seomra saor ó thorann agus macalla a d’fheadfadh cur isteach ar na ranganna.
- Ba chóir go mbeadh dóthain seomraí ranga ar fáil gan dul i muinín ranganna a chur ar siúl i hallaí móra.

Ní mór do gach Coiste Stiúrtha deimhin a dhéanamh de go bhfuil Measúnú Sábháilteacht Dóiteáin i leith gach ionad a úsáideann an coláiste curtha i gcrích ag duine inniúil. Ba cheart go mbeadh an coiste ar an eolas nó go gcuirfí ar an eolas iad dá réir sin maidir le haon cheisteanna/eachtraí ábhartha le linn cúrsa ar bith.

Caithfear, i gcónaí, tús áite a thabhairt d’aon uasmhéid a bheadh luaite do sheomra san iarratas ar theastas sábháilteachta dóiteáin don fhoirgneamh, má tá a leithéid ann, nó sa mheasúnú sábháilteachta dóiteáin.

Is ar na coláistí féin atá an fhreagracht iad féin a shásamh faoi na huimhreacha atá ceadaithe agus is féidir an t-eolas sin a fháil ó na húdaráis dóiteáin. Bíonn gach duine atá sa seomra idir scoláirí, mhúinteoirí agus ardchinnirí san áireamh sna huimhreacha atá luaite ar iarratas ar theastas dóiteáin.

Leithris agus saoráidí sláinte

- Ní mór íosmhéid leithreas amháin, ar a laghad, a bheith ar fáil do gach 30 scoláire a bheidh ag freastal ar an gcoláiste.
- I gcás leithris do bhuachaillí is féidir úirinéal a chuntas mar leithreas (WC) ach caithfidh ar a laghad leithreas amháin a bheith ar fáil agus ní ghlacfar le coibhneas de os cionn 2 úirinéal do gach leithreas.
- Ní mór go mbeadh fáil ag scoláirí agus múinteoirí ar leithreas atá cóirithe do dhaoine faoi mhíchumas
- Ní mór go mbeadh fáil ag scoláirí ar leithreas ilinscne amháin ar a laghad agus is féidir glacadh le leithreas do dhaoine faoi mhíchumas chun na críche sin.
- Ní mór leithreas faoi leith a bheith ar fáil do mhúinteoirí agus daoine fásta eile agus is féidir glacadh le leithreas do dhaoine faoi mhíchumas chun na críche sin.

- Ní ghlacfar le hionaid nach bhfuil uisce te agus fuar ar fáil iontu.

Is ar na coláistí féin atá an fhreagracht deimhin a dhéanamh de go bhfuil áiseanna oiriúnacha acu don líon foghlaimeoirí a earcaíonn siad.

Ní mór do gach Coláiste atá ag déanamh iarratais ar aitheantas ar chúrsa Gaeilge dá gcuid a dhearbhú go bhfuil an chóiríocht shainithe, a bheidh in úsáid ag an gColáiste le haghaidh ranganna agus imeachtaí eile an Choláiste, ag cloí go substaintiúil leis na treoirlínte atá sonraithe sna Rialacháin seo. Sa chás nach bhfuil an dearbhú sin ar fáil, d'fhéadfadh nach mbronnfaí aitheantas ar chúrsa go dtí go mbeidh an RTCEGSM sásta go bhfuil an chóiríocht mar atá, sásúil.

Eagrú na gCúrsaí

Seisiúin na gCúrsaí

Ainneoin go bhfuil cúrsaí ag freastal ar spriocghrúpaí éagsúla, ní mór do gach cúrsa Gaeilge na critéir maidir leis na seisiúin a chomhlíonadh go sásúil, áirítear ina measc.

- Ní cheadaítear níos mó ná seisiún amháin a áireamh don lá teachta
- Ní cheadaítear seisiún a áireamh don lá imeachta.
- Is féidir lá saoire poiblí a thitfidh le linn tréimhse an chúrsa a áireamh má reachtáiltear ranganna maidine agus imeachtaí iarnóna.
- Tabharfar aitheantas do sheisiún amháin ar an Domhnach do na Coláistí úd ar mian leo imeachtaí a chur ar fáil. Ní ranganna foirmiúla a bheidh i gceist ach imeachtaí taitneamhacha mar thuras i gceantar an Choláiste nó thart ar an nGaeltacht, cluichí (laistigh agus lasmuigh), céilí, claisceadal agus araile. Caithfear deimhin a dhéanamh de i leagan amach an tseisiúin seo nach gcuirfear isteach ar chuairteanna na dtuismitheoirí ar a gcuid páistí. Caithfear solúbthacht a cheadú i gcás sheisiún an tráthnóna. Glactar leis go mbeidh Coláistí áirithe ann nach dteastóidh uathu seisiún a chur ar fáil ar an Domhnach.

Imeachtaí iarnóna agus oíche

Meastar an oiread tábhachta a bheith ag baint leis an gcuid seo den chúrsa is a bhaineann leis an teagasc foirmiúil ar maidin. Beidh sé de dhualgas ar an bPríomhoide i gcomhar leis na hoidí agus na hardchinnirí (más ann dóibh) sraith d'imeachtaí oiriúnacha a leagan amach ar shlí a chinntíonn rannpháirtíocht na scoláirí / mac léinn uile.

Beifear ag súil go mbeidh an foclóir agus na nathanna cainte a bhaineann leis na himeachtaí éagsúla sealbhaithe go cruinn ag na scoláirí mar thoradh ar a gcuid rannpháirtíochta sna seisiúin maidine agus go gcruthaítear deiseanna dóibh le linn imeachtaí na gnéithe seo den teanga a chleachtadh i gcomhthéacs nádúrtha lasmuigh den rang.

I measc na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú tá: amhránaíocht; claisceadal, scóraíochtaí & céilithe; ceol uirlise; tionscadal; ealaíon agus ceardaíocht; drámaí & taispeántais; Tráth na gCeist; spóirt; seilgí; siúlóidí agus turais (ach cuspóir cinnte a bheith leo); cluichí faoin aer agus faoi dhíon; gníomhaíochtaí nualacha eile.

An Príomhoide

Ní mór duine den fhoireann teagaisc a ainmniú mar phríomhoide ar gach cúrsa.

Róil agus Freagrachtaí an Phríomhoide

Aithnítear an príomhoide mar an té atá i gceannas ar an gcúrsa agus a bhainistíonn imeachtaí an chúrsa ó lá go lá. Is iad an príomhoide atá freagrach as na cúinsí cuí a chruthú ar mhaithe le heispéireas fiúntach agus taitneamhach ar fhoghlaim na Gaeilge a sholáthar do scoláirí an chúrsa. Is ceannaire ar an bhfoghlaim an príomhoide agus beifear ag súil leis go léireoidh siad tiomantas iomlán d'fheabhsú na foghlama trí chleachtais chomhoibritheacha nuálacha agus chruthaitheacha, i ngach gné den soláthar, a chur chun cinn. Bíonn dualgaisí bainistíochta le comhlíonadh ag an bPríomhoide freisin agus iadsan atá freagrach as timpeallacht foghlama folláin, ina dtumtar scoláirí sa Ghaeilge agus i saol na Gaeltachta, a chur ar fáil.

I measc na bpríomh-fhreagrachtaí a bhíonn ar phríomhoide an chúrsa, áirítear:

- Úsáid na Gaeilge mar theanga an chúrsa a éascú agus a dheimhniú
- Timpeallacht ordúil agus slán a chinntiú
- Dea-chaidrimh idir phobal uile an chúrsa agus leis an bpobal i gcoitinne a chothú
- Socruithe a dhéanamh do sceidealú ranganna agus imeachtaí, cruthú rang-ghrúpaí, dáileadh múinteoirí ar rang-ghrúpaí lena cinntiú go bhfuil an leas is fearr á bhaint acmhainn foirne an choláiste
- Ardchaigdheán san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú a chur chun cinn trí chlár oibre ginearálta a leagadh amach
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár foghlama teanga an Choláiste agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil ullmhúchán gearrthréimhseach na n-oidí curtha in oiriúint do riachtanais a rang-ghrúpaí féin, go háirithe i gcásanna ina malartaítear ranganna agus i gcás oidí nua-cheaptha
- Rannpháirtíocht iomlánaíoch scoláirí in imeachtaí uile an chúrsa a spreagadh agus a éascú
- Deiseanna ceannaireachta a chruthú do bhaill foirne agus do scoláirí
- Meastóireacht a dhéanamh ar a gcumas féin mar cheannaire agus forbairt a dhéanamh ar a dtuiscintí féin.
- Oibriú i gcomhpháirt le húdárais an Choláiste Ghaeilge ar mhaithe le cáilíocht an tsoláthair a thabhairt chun cinn.

Na Critéir maidir le Fostú Príomhoide

Beifear ag súil go léireoidh an té a cheapfar mar phríomhoide tuiscint mhaith ar phróisis sealbhaithe teanga agus go mbeidh sé/sí lánoilte sna modhanna is éifeachtaí le cumas foghlaimeoirí sa Ghaeilge a thabhairt chun cinn.

I gcás **Aicme A**, beifear ag súil go mbeadh taithí **chúig bliana** múinteoireachta in earnáil an bhunoideachais ag an té a cheapfar agus go mbeidh an duine sin láneolach ar churaclam teanga na bunscoile agus ar na modhanna atá á gcur chun cinn ann.

I gcás **Aicmí B, C agus D**, beifear ag súil go mbeadh taithí shásúil múinteoireachta in earnáil an iar-bhunoideachais nó an bhunoideachais ag an bpríomhoide a cheapfar, agus go mbeidh an duine sin láneolach ar Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2), ar shiollabais na Sraithe Sinsearaí don Ghaeilge agus ar Curaclam Teanga na Bunscoile.

Beifear ag súil go mbeidh taithí mhaith acu ar an obair i gcoitinne i gColáistí Gaeilge agus teist an-mhaith orthu mar oide i gColáiste Gaeilge cheana;

Beifear ag súil go mbeidh ardscileanna riaracháin, bainistíochta agus ceannaireachta acu;

Beifear ag súil go mbeidh an príomhoide in ann comhoibriú go maith le scoláirí/mic léinn, oidí, tuismitheoirí/caomhnóirí, mná tí, leis an bpobal i gcoitinne, agus le lucht údaráis, oifigigh RTCEGSM, oifigigh na RO agus ionadaithe na nInstitiúidí Ardoideachais.

Dualgais an Phríomhoide

Beifear ag súil leis, ar mhaithe le dea-eagar agus dea-bhainistíocht na gcúrsaí Gaeilge, go mbeidh:

- an príomhoide féin, nó ionadaí dá gcuid, i láthair ag an gcoláiste Gaeilge leathuair roimh thús ranganna na maidine
- plean an phríomhoide leagtha amach de réir na treoracha tugtha thuas
- plean do gach rang ar leith, atá fréamhaithe sa Chlár Foghlama Teanga, ullmhaithe ag gach oide, maille le hullmhúchán gearrthréimhseach oiriúnach
- na socruithe cuí i bhfeidhm chun díriú ar mholtaí a d'éirigh as meastóireachtaí de chuid naRO roimhe seo
- na rollaí á gcoimeád de réir na Rialachán
- an comhoibriú cuí idir an príomhoide agus údáráis an Choláiste Ghaeilge ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil cúrsa d'ardchaighdeán á chur ar fáil
- cuairteanna rialta á dtabhairt ar na tithe lóistín, de réir mar is cuí
- an Príomhoide ceaptha mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe de réir mar a éilíonn na forálacha i Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011)

Oidí

Ní mór do gach Coláiste oidí a earcú a shásaíonn na critéir sin thíos. Sa chás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin, d'fhéadfadh nach mbronnfaí aitheantas ar chúrsa.

Cáilíochtaí na nOidí

Ní mór an RTCEGSM a shásamh maidir le cáilíochtaí na n-oidí atá le bheith i mbun an chúrsa.

- Ní mór ardchumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge (i. Gaeilge líofa) a bheith ag na hoidí a fhostaítear chomh maith le taithí mhaith ar mhúineadh na Gaeilge agus dea-theist mar oidí.
- Maidir leis na hoidí a cheapfar ar chúrsaí de chuid Aicme A, is inmhianaithe é go mbeadh taithí acu mar oidí bunscoile agus saineolas acu ar Churaclam Teanga na Bunscoile

(2015) agus Curaclam na Bunscoile Gaeilge (1999) chomh maith le cur amach acu ar Shonraíochtaí Gaeilge (T1 agus T2) na Sraithe Sóisearaí.

- Ba cheart oidí a fhostú in aghaidh gach cúigear is fiche scoláire/mac léinn a bheidh ar an gcúrsa. Ba cheart duine de na hoidí seo, a bhfuil taithí acu ar obair cheannasaíochta, a ainmniú mar phríomhoide.
- Caithfidh gach ball den fhoireann teagaisc seirbhís leanúnach a thabhairt ó lá tosaithe an chúrsa. Ní cheadófar ionadaí a cheapadh ach amháin i gcás eisceachtúil (tinneas oide, mar shampla), agus caithfidh an t-ionadaí a bheith cáilithe go cuí de réir na gcoinníollacha luaite. Caithfidh gach oide a oibríonn ar chúrsa de chuid Coláiste Gaeilge a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Glacfar le hoidí láncháilithe atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta i dTuaisceart Éireann (GTCNI) leis.
- Caithfear uimhir chláraithe an oide a shonrú sa cholún cuí ar an bhfoirm iarratais. Is faoin gColáiste Gaeilge féin atá sé a dhearbhú go bhfuil gach oide cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Sa chás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin, d'fhéadfadh nach mbronnfaí aitheantas ar chúrsa.

Déanfar eisceacht den fhoireann cháilithe teagaisc sin atá, nó a bhí, fostaithe chun Gaeilge a theagasc sna hInstitiúidí Ardoideachais úd a chuireann Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht ar fáil d'Ábhar Oidí.

Sa chás eisceachtúil go mbeadh ar ionadaí seasamh isteach d'oide, is ceart oide cáilithe a chomhlíonann ceann na crítéir thuas a fhostú agus RTCEGSM a chur ar an eolas láithreach ag r-phost: colaistigaeilge@chg.gov.ie. Beidh an cinneadh deiridh i ngach cás ag RTCEGSM.

Iarratais ar Shaoire Bhreise Phearsanta d'oidí

Ba chóir d'údaráis na gColáistí na sonraí is gá le gur féidir le hoidí iarratas a dhéanamh ar Shaoire Bhreise Phearsanta a sheoladh chuig CONCOS.

Ardchinnirí

Glacfar le hoidí nó le daoine nach oidí iad ach a bhfuil Gaeilge an-mhaith acu mar ardchinnirí faoi stiúradh an Phríomhoide i mbun imeachtaí iarnóna agus tráthnóna. Moltar go mbeidh ardchinnire amháin in aghaidh gach 25 mhac léinn a bhíonn ar rollaí an choláiste.

Cáilíochtaí na nArdchinnirí

- Beidh na hardchinnirí os cionn 18 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa nó beidh siad os cionn 17 mbliana d'aois agus scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin dáta céanna.
- Cainteoirí líofa Gaeilge a bheidh iontu
- Beidh taithí acu abheith ag obair le daoine óga.
- Beidh cumas iontu comhoibriú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann teagaisc chun imeachtaí oiriúnacha a eagrú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine óga.
- Tá sé inmhianaithe go mbeadh saineolas acu ar ghnéithe áirithe de chaitheamh aimsire na scoláirí/mac léinn, mar shampla, ceol, rincí, cluichí, snámh agus araile.

Dualgais na nArdchinnirí

Cuirfear cúraimí ar na hardchinnirí a bhaineann le forbairt Ghaeilge na scoláirí/mac léinn in imeachtaí lasmuigh den rang.

Cúntóirí Áitiúla

Is gnó do na Coláistí féin é cúntóirí a cheapadh. Is iondúil gur daoine áitiúla iad na cúntóirí atá ós cionn 15 bliana d'aois, nó a bhfuil an teastas sóisearach críochnaithe acu agus / nó atá faoi bhun 24 mbliana déag d'aois agus atá ag freastal go lán-aimseartha ar choláiste 3ú leibhéil agus a bhfuil ardchaigdheán Gaeilge labhartha acu. Ceadaítear cúntóir amháin in aghaidh gach 20 scoláire/mac léinn.

Ní bheidh aon tionchar ag an socrú seo ar na hArdchinnirí atá inghlactha cheana faoin scéim. Moltar do choláistí an deis a thapú ceangal láidir idir óige na Gaeltachta agus na foghlaimeoirí a fhorbairt, le linn cúrsaí agus ina dhiaidh sin, trí chúntóirí a cheapadh.

An Teagasc agus an Fhoghlaim

Cigireachtaí ar Chúrsaí Choláistí Gaeilge

Cuireann Cigireacht na Roinne Oideachais ar iarratas ón RTCEGSM clár bliantúil cigireachta i gcrích ar rogha de na cúrsaí a eagraíonn coláistí Gaeilge. Déantar an chigireacht ar chúrsaí Gaeilge chun cáilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil do na scoláirí a dhearbhú agus chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, príomhoidí agus do choistí bainistíochta na gcoláistí.

Bíonn na cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge dírithe ar thrí ghné den soláthar oideachais agus de thaithí na scoláirí:

- cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta
- cáilíocht eispéiris na scoláirí ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge

Déantar gach cigireacht de chuid na Roinne Oideachais de réir Cód Cleachtais don Chigireacht (2022) agus de réir nósanna imeachta a comhaontaíodh leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Is cigireacht aon lae gan fógra a dhéantar ar chúrsaí na gcoláistí Gaeilge. **Dá bhrí sin, má tá gnáth-imeachtaí eagraithe le cur ar ceal, ar chúis ar bith, (m.sh. turas), ba cheart don choláiste Gaeilge deimhin a dhéanamh de go gcuirtear RTCEGSM agus an RO ar an eolas faoi.** Is ceart ríomhphost a sheoladh go dtí colaistegaeilge@education.gov.ie agus chuig colaistigaeilge@tcgasm.ie a luaithe agus is féidir.

Tá gach eolas agus treoir maidir le cigireachtaí ar chúrsaí choláistí Gaeilge ar fáil anseo.

Cruthú Rang-Ghrúpaí

Ba chóir rang-ghrúpaí a chruthú bunaithe ar na haoisghrúpaí lena mbaineann na scoláirí. Ina theannta seo, ba chóir na socruithe cuí a chur i bhfeidhm le go ndéanfar freastal ar riachtanais idirdhealaithe teanga na bhfoghlaimeoirí uile taobh istigh de na rang-ghrúpaí féin.

Plean an Phríomhoide

Beifear ag súil leis go mbeidh Plean an Phríomhoide, ina dtugtar léargas cuimsitheach ar a bhfuil ar siúl chun eispéireas tumtha ar ardchaighdeán a chur ar fáil do scoláirí, réitithe do gach cúrsa. Ba cheart go n-áireofaí sa phlean seo na polasaithe dlite atá faofa ag an gCoiste Stiúrtha chomh maith le cuntas ar nithe ar nós straitéisí le húsáid na Gaeilge a spreagadh, turais agus imeachtaí, bearta i leith oiliúint foirne, soláthar ranganna na maidine, gníomhaíochtaí ag éirí as moltaí ó mheastóireachtaí de chuid Cigireacht na Roinne Oideachais chomh maith le haon chaipéisí ábhartha eile. Moltar go mbeadh sé le haithint ón bplean gur cáipéis bheo í atá treoraithe ag bunphrionasabail teagaisc an Choláiste Gaeilge agus a leasaítear go tráthrialta ag brath ar na riachtanais a thagann chun solais le linn an chúrsa.

Clár Foghlama Teanga

Ba cheart go mbeadh Clár Foghlama Teanga dá chuid féin ag gach Coláiste Gaeilge, ina sonraítear go soiléir a bhfuil beartaithe chun inniúlacht Ghaeilge scoláirí a thabhairt chun cinn thar thréimhse an chúrsa. Tá sé de shaoirse ag gach Coláiste pé leagan amach is mian leo a chur ar an gClár Foghlama Teanga ar mhaithe lena chinntiú go bhfanann siad dílis dá bhfealsúnachtaí teagaisc féin ach, beifear ag súil leis go mbeidh léargas soiléir sa chlár ar na bunphrionsabail a threoraíonn an obair ranga agus ar na cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá á gcur chun cinn ann.

B'inmhianta an ní dá mbeadh cuntas ar an gcaoi a chuirfear an clár seo i bhfeidhm mar cheann de na míreanna i bplean an phríomhoide. Glactar leis go mbeidh na céimeanna cuí tógtha ag an gCoiste Stiúrtha, mar chuid dá chlár um fhorbairt ghairmiúil d'oidí, lena chinntiú go bhfuil na hoidí uile lánoilte sna modheolaíochtaí atá á gcur chun cinn sa chlár foghlama teanga (m.sh. ceardlanna oiliúna, clár meantóireachta) ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim i ranganna na maidne ar ardchaighdeán.

Pleanáil Oidí Aonair

Beifear ag súil leis go dtabharfaidh na hoidí uile faoin bpleanáil ghearrthréimhseach chuí chun scileanna cumarsáide na scoláirí sa teanga a fhorbairt agus moltar go mbeadh cur chuige comónta thar an gColáiste ina leith seo. Moltar go bhfeidhmeodh Clár Foghlama Teanga an Choláiste mar bhunús agus a bplean aonair á fhorbairt ag oidí aonair. Beifear ag súil leis gur plean beo a bheidh i bplean an oide féin ina bhfuil ábhar na gceachtanna aonair á gcur in oiriúint do réimsí spéise agus riachtanais fhoghlama a scoláirí. Ba chóir úire a bheith in ábhar na gceachtanna agus ba cheart béim a leagan ar mhodhanna cumarsáideacha. Is cuid de dhualgais an phríomhoide é a chinntiú go bhfuil an t-ullmhúchán cuí á dhéanamh do cheachtanna na maidine chomh maith le gníomhú in aon chás ina n-aithníonn sé/sí bearnaí i gcáilíocht na hoibre seo.

Taifead ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim

Ní mór do gach Coláiste a chuireann cúrsaí Gaeilge ar fáil faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge taifead cruinn a choinneáil ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sna cúrsaí Gaeilge.

Ba cheart go gcláródh gach múinteoir cuntas ar a theagasc siad i gceachtanna na maidine, anmeasúnú ar dhul chun cinn na ndaltaí san fhoghlaim chomh maith le cuntas ar an gcúram a rinneadh d'fholláine na scoláirí uile i leabhar Cuntas ar Ranganna. Ba chóir go mbeadh an cuntas seo ar fáil don RO agus d'ionadaithe na RTCEGSM..

Tá cóip den teimpléad do Chuntas na Ranganna ar fáil in Aguisín A de na Rialacháin seo.

Is cáipéis ar leith Cuntas ar Ranganna agus ní bhaineann sé leis na rollaí ina ndéantar taifead ar thinreamh.

Meabhraítear gur ar na coláistí féin amháin atá an fhreagracht bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chúrsaí GDPR agus na cáipéisí seo idir lámha.

Pleanáil don Fheabhsúchán agus Dearbhú Cáilíochta

Ar mhaithe le caighdeán an tsoláthair a fheabhsú ó chúrsa go cúrsa, ba chóir go mbeadh an fhéinmheastóireacht, ag leibhéal an Choláiste uile agus ag leibhéal an oide aonair, lárnach sna próisis phleanála uile agus go háirithe i gcás cur i bhfeidhm an chláir foghlama teanga.

Déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon áirithe cúrsaí gach bliain. Tabharfar léargas ar na príomhchinntí agus príomh-mholtaí a éiríonn as na meastóireachtaí seo i dtuairiscí a fhoilseofar ar www.gov.ie agus ar www.chg.gov.ie. Beifear ag súil leis go ngníomhóidh na Coistí Stiúrtha i leith moltaí na tuairisce agus lorgofar trácht ar an dul chun cinn atá déanta sna Foirmeacha Iarratais. D'fhéadfadh leis, blianta áirithe, go mbeartódh bainistíocht na Cigireachta ar thuairisc ilchodach ar na Coláistí Gaeilge a fhoilsiú.

Caipéisíocht riachtanach

Ba cheart go mbeadh na doiciméid seo a leanas ar fáil do chigirí agus d'ionadaithe eile de chuid na Roinne Oideachais le linn na cuairte:

- Plean an Phríomhoide
- Clár ama an chúrsa Gaeilge (an clár d'imeachtaí cultúrtha san áireamh)
- Clár Foghlama Teanga an Choláiste
- Ráiteas um Chosaint Leanaí lena n-áirítear Measúnú Riosca
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta le hOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ainmnithe agus cláraithe
- An Cód Iompair lena n-áirítear nósanna imeachta achomhairc
- Polasaí Frithbhulaíochta agus iompar neamhshóisialta
- Pleananna na n-oidí aonair a chuimsíonn tréimhse an chúrsa Gaeilge
- Cuntas na Ranganna

Déanfar teagmháil le Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha má tá soiléiriú ag teastáil ón RO nó ón RTCEGSM i gcás aon ní a bhaineann le hobair an choláiste le linn na gcúrsaí nó ina ndiaidh. Cuirfidh an Coiste Stiúrtha eolas ar fáil gan mhoill de réir mar is gá.

Sa chás gur léir le linn cigireacht ar chúrsa, go bhfuil forálacha na Rialáchán á sárú ag Coláiste ar bith, cuirfidh an Chigireacht meamram ar an ábhar imní chuig RTCEGSM le go n-ardófaí an cheist go díreach le Coiste Stiúrtha an Choláiste Gaeilge. Beifear ag súil le freagra

ó choiste stiúrtha an choláiste ina rianaítear amach na céimeanna atá glactha leis an ábhar imní a réiteach Tá cóip den teimpléad Meamram ar an Ábhar Imní le fáil anseo in Aguisín B de na Rialacháin.

Éileamh ar Íocaíochtaí

Beidh na cáipéisí seo a leanas le comhlíonadh ina n-iomláine agus le seoladh ar **ríomhphost** chuig an RTCEGSM ag colaistigaeilge@tcagsm.gov.ie ag deireadh gach cúrsa ionas gur féidir leis an RTCEGSM íocaíocht a mheas agus a phróiseáil do na teaghlaigh a raibh scoláirí ar íostas leo le linn dóibh a bheith ag freastal ar an gcúrsa Gaeilge. Ní glacfar le héilimh sa phost. Áirítear sna cáipéisíochtaí riachtanach don éileamh ar íocaíocht:

- Foirm Éilimh ar Íocaíocht Teaghlaigh
- Deimhniú Coláiste
- Rollaí

Tá teimpléid de na cáipéisí sin thuas le fáil ar láithreán greásáin na RTCGESM.

Sa chás nach gcuirtear an cháipeisíocht chuí ar fáil in am agus ina hiomláine, d'fhéadfadh go mbeadh moill ar phróiseáil íocaíochta, nó sa chás nach bhfuil cáipéisíocht shásúil nach ndéanfar íocaíocht. Iarrtar ar gach coláiste aird faoi leith a dhíriú ar an éileamh sula seoltar é lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí a phróiseáil go pras.

Dúnadh de dheasca cúise do-sheachanta

Má dhúntar Coláiste de dheasca galair thógálaigh nó de dheasca cúise do-sheachanta eile, caithfear an tAire a shásamh faoi thosca an dúnta.

Feidhm an Aire

Féadfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán oifigigh a chur chun fiosrú a dhéanamh ar na ranganna agus ar na himeachtaí eile am ar bith le linn an chúrsa.

Aguisín A Cuntas ar Ranganna

Cuntas ar cheacht ranga	
Dáta: **Leibhéal an Ranga:**	**Am:** **Líon na scoláirí:**
Téama:	
Sprioctheanga / Feidhmeanna Teanga:	
Measúnú ar dhul chun cinn foghlama na scoláirí:	
Cuntas ar a múineadh:	

Aguisín B Meamram ar an ábhar imní

	Ainm an chigire tuairisceoireachta:	***Dáta***
ó	An Roinn Oideachais	
go	An Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Spóirt agus Meán	

Cód an choláiste		**Aicme:**
Ainm an Choláiste Gaeilge		
Seoladh an Choláiste Gaeilge		
Dátaí an chúrsa		
Dáta(í) na cigireachta		

Ábhar an mheamraim (mar shampla cosaint leanaí, cóiríocht &rl)
• •
An riail chuí sna *Rialacháin faoin dtugtar aitheantas do Cholláistí Gaeilge (2021).* *Sonraigh uimhir an leathanaigh agus teideal na míre, le do thoil.*
• •
Cur síos ar fheidhmniú na rialach
• • •
Conclúid